

An Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan – Treoirnótaí

Forléargas

Tugann an Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan tacaíocht d'fhoghlaim ghairmiúil leanúnach na múinteoirí. Tacaíonn sé ach go háirithe le múinteoirí an taighde atá ann cheana féin a úsáid mar bhonn eolais dá gcleachtas féin, nó chun taighde nua a dhéanamh, ar bhonn comhoibríoch le daoine eile nó ar bhonn neamhspleách. D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht chomhairleach san áireamh sa tacaíocht a thairgfeadh an Chomhairle Mhúinteoireachta, agus/nó d'fhéadfadh maoiniú a bheith i gceist. Is é atá ar intinn ag an gComhairle, go dtabharfaidh an Creat spreagadh d'iarratasóirí a bheith nuálach cruthaitheach ina gcuid smaointe faoin tslí a dtacódh taighde agus fianaise lena gcleachtas múinteoireachta féin agus le cleachtas múinteoireachta daoine eile.

Leagann an Creat an-bhéim ar ghníomhaíochtaí taighde chun na naisc idir an taighde, an beartas agus an cleachtas a neartú, agus ar an gcomhoibriú idir múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile san oideachas. I gcás iarratasóirí aonair, caithfidh gur múinteoirí cláraithe iad; ach bíonn iarratais chomhoibríocha oscailte dóibh siúd ar fad ar spéis leo taighde atá ann cheana a fheidhmiú, a chomhroinnt nó a iniúchadh nó taighde úrnua a dhéanamh. Maidir le hiarratais chomhoibríocha áfach, caithfidh duine amháin, ar a laghad, de na hiarratasóirí a bheith ina m(h)úinteoir cláraithe. Agus na hiarratais á mbreithniú, beidh tosaíocht ag

- Taighde seachas an cineál a bhaineann le cláir fhoirmiúla staidéir
- Cuir chuige a bhfuil bonn fianaise leo a bheith á bhfeidhmiú sa chleachtas seomra ranga
- Iarratais maidir le taighde comhoibríoch
- Iarratais ina bhfuil múinteoir amháin ar a laghad díobh siúd san iarratas ag cleachtadh faoi láthair i scoil aitheanta nó in Ionad Oideachais
- Tionscadail a léiríonn go mbeidís in ann cur go suntasach le taighde, beartas agus cleachtas maidir le:
 - (a) comhoibriú
 - (b) folláine sna scoileanna

Maidir le hiarratasóirí a deir gur múinteoirí iad atá ag cleachtadh faoi láthair, beidh orthu é sin a dhearbhuí mar chuid den phróiseas iarratais.




An Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan – Treoirnótaí

(i)	An Próiseas Iarratais agus Athbhreithnithe.....	Lch 1
(ii)	Snáitheanna Tacaíochta	Lgh 2 & 3
(iii)	Treoir maidir le Críochnúlacht.....	Lch 4
(iv)	Treoir Eitice.....	Lch 5
(v)	Torthaí agus Tionchar an Taighde.....	Lch 6
(vi)	Costais Incháilithe.....	Lch 7
(vii)	Iarratas a Sheoladh.....	Lch 8
(viii)	Critéir d’Athbhreithniú na nIarratas.....	Lgh 9 & 10
(ix)	An Painéal Athbhreithnithe.....	Lch 11
(x)	Riachtanais Tuairiscithe & Teimpléad don Tuairisciú.....	Lch 12
(xi)	Coinníollacha Dámhachtana	Lgh 13 & 14

(i) An Próiseas Iarratais agus Athbhreithnithe

Tugann an léaráid thíos forléargas ginearálta ar an bpróiseas iarratais maidir leis an gCreat Tacaíochta Taighde John Coolahan. Amlínte dóchúla iad áfach agus d’fhéadfaidís athrú.



(ii) Snáitheanna Tacaíochta

Chun tacaíocht a thabhairt don rannpháirtíocht i gcúrsaí taighde agus le cúrsaí taighde ar raon slite éagsúla, féachtar leis an gCreat Tacaíochta Taighde John Coolahan a eagrú ina dhá shnáithe a bhfuil cur síos orthu thíos:

Snáithe 1

Tacaíocht do thionscadail nuálacha a fhéachann le taighde atá ann cheana féin a iniúchadh, a chomhroinnt agus a fheidhmiú (50% den mhaoiniú).

Faoin snáithe sin d'fhéadfadh grúpaí iarratasóirí, nó iarratasóirí aonair:

- ☐ Seimineáir, ceardlanna, lá foghlama comhroinnte nó Researchmeet a thionól a thugann cleachtóirí le chéile chun taighde atá ann cheana féin faoin gcleachtas éifeachtach a chomhroinnt agus a cheistiú, agus trealamh an taighde a úsáid chun dul i ngleic le ceisteanna cleachtais.
- ☐ Líonra taighde do mhúinteoirí, fóram foghlama agus/nó pobal don fhoghlaim ghairmiúil a bhunú agus a chomhordú
- ☐ Taighde atá ann cheana féin a shintéisiú chun tacú le ceisteanna cleachtas-bhunaithe (mar shampla, trí athbhreithnithe ar an litríocht, athbhreithnithe córasacha, meitea-anailís etc.), agus an taighde a chomhroinnt i bhformáid a bheadh níos inrochtana do mhúinteoirí atá ag cleachtadh
- ☐ Acmhainn cleachtas-bhunaithe a fhorbairt agus a chomhroinnt, agus an taighde reatha ag cur bonn eolais faoi
- ☐ Foghlaim atá mar thoradh ar chúrsaí taighde a chomhroinnt trí chomhdhálacha a chur i láthair, nó a fhoilsiú i bhfoirm blag, vlog, achoimre nó formáidí eile
- ☐ Dul i mbun foghlama faoi uirlisí chun taighde atá ann cheana féin a rochtain, a cheistiú, a shintéisiú nó a chomhroinnt, nó faoi scileanna taighde praiticiúla eile

Nótáil, le do thoil, nach bhfuil anseo ach liosta dóchúil.

Snáithe 2

Tacaíocht do thaighde nua (50% den mhaoiniú)

Faoin snáithe seo tugtar tacaíocht do ghrúpaí agus d'indibhidí a dhéanann taighde as an nua.

Tosaíochtaí na Comhairle Múinteoireachta:

Agus í ag gabháil dá cuid feidhmeanna taighde agus ag féachaint le cultúr taighde a chothú, aithníonn an Chomhairle réimsí a gcuirfí spéis ar leith iontu ó thaobh taighde de. Áirítear ina réimsí tosaíochta taighde iad agus gheofar [anseo](#) iad ar ár suíomh gréasáin. Anuas air sin, tá iarratais á lorg ag an gComhairle sa bhabhta reatha a réitíonn an bealach do chuir chuige i leith an chleachtais a bhfuil bonn fianaise leo, agus a dhéanfaidh cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i scoileanna a fheabhsú dá réir. Beidh tosaíocht ag:

- ☐ Comhiarratais, agus comhoibrithe ildisciplíneacha ach go háirithe, a thugann le chéile peirspictíochtaí difriúla agus eolas difriúil, agus duine amháin ar a laghad de na hiarratasóirí ina m(h)úinteoir atá ag cleachtadh i scoil aitheanta nó i Lárionad Oideachais.
- ☐ Taighde seachas an cineál a bhaineann le cláir fhoirmiúla staidéir

- Iarratais a léiríonn go mbeadh d’acmhainn iontu cion suntasach a chur leis an taighde, leis an mbeartas agus leis an gcleachtas maidir leis an gcomhoibriú. Is é a thuigtear anseo go ginearálta le comhoibriú, comhoibriú a mbíonn múinteoirí atá ag cleachtadh, daltaí/ mic leinn agus daoine eile bainteach leis.
- Iarratais a léiríonn go mbeidís in ann cur go suntasach leis an taighde, leis an mbeartas agus leis an gcleachtas maidir le cúrsaí folláine. Sa chomhthéacs sin, is é sainmhíniú ginearálta na Comhairle Múinteoireachta ar an bhfolláine, a chuimsíonn folláine an mhúinteora agus folláine an dalta araon, arna leagan amach ar leathanach 19 de [Cosán: Creatlach um Fhoghlaim Múinteoirí](#), a threoróidh an próiseas moltóireachta

(iii) Treoir maidir le Críochnúlacht

Ba cheart d'iarratasóirí mionsonraí a thabhairt faoin tslí a gcinnteoidh siad go bhfuil siad críochnúil i mbun a gcuid tionscadal, rud a bhainfidh le tionscadail taighde faoin dá shnáithe.

Is é sin, a chinntiú go mbeidh leibhéal cuí críochnúlachta ann do cibé staidéar atá i gceist. Bheadh iarratasóirí ag iarraidh mionsonraí a thabhairt, b'fhéidir, faoin tslí a láimhseálfadh siad leithéidí bailíocht, iontaofacht, inchreidteacht, taighde ar féidir brath air, etc. I gcás iarratais a bhaineann le taighde atá ann cheana féin, is é sin, taighde atá ann cheana féin a bheith á phlé nó á shintéisiú ag múinteoirí, beifear ag súil go mbeidh cur amach acu ar an leibhéal críochnúlachta a bhain leis an mbuntaighde.

Tá dornán seimineár gréasáin le fáil ar leathanaigh taighde shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta a chuireann comhairle agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí ar taighdeoirí iad agus atá ag iarraidh a bheith críochnúil ina gcuid taighde. Gheofar [anseo](#) iad. Ar na topaicí atá ann tá: modhanna cáilíochtúla, modhanna cainníochtúla agus athbhreithniú litríochta a dhéanamh.

(iv) Treoir Eitice

Gairm eiticiúil atá sa mhúinteoireacht ó bhunús. Mar shampla, is i gcomhthéacs cód gairmiúil a dhéanann na múinteoirí cláraithe ar fad a gcleachtas gairmiúil. Eochairluachanna ar nós meas, ionracas, muinín agus cúram atá mar bhonn agus mar thaca leis an gcód, agus tráchtar ann ar shainchaighdeáin iompair. Baineann na caighdeáin sin le múinteoirí i ngach gné dá gcleachtas, nuair atá siad i mbun taighde agus ag plé le taighde san áireamh. Ba cheart d'iarratasóirí smaoineamh ar an eolas a chuireann na caighdeáin sin ar fáil dá dtaighde. Ba cheart d'iarratasóirí a léiriú freisin mar a thabharfaidh siad aghaidh ar shaincheisteanna eiticiúla féideartha agus iarbhíre a thiocthadh chun cinn ina gcuid taighde, agus cur síos ar na cosaintí atá ar intinn acu a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le rioscaí eiticiúla féideartha.

Ar na saincheisteanna eiticiúla arbh fhiú a chur san áireamh tá, rúndacht (lena n-áirítear bearta chun anaithnideacht rannpháirtithe a chosaint), toiliú feasach agus dochar féideartha dóibh siúd a bheadh rannpháirteach, páistí faoi aois agus aosaigh leochaileacha ach go háirithe.

Má tá iarratasóirí i mbun taighde trí bhíthin cúrsa tríú leibhéal nó i gcomhar le taighdeoir in institiúid tríú leibhéal, agus go dtagann saincheisteanna eiticiúla féideartha chun cinn, b'fhéidir go gcaithfí faomhadh eiticiúil a fháil do thionscadail trí bhíthin na mbord/na gcoistí eitice ábhartha.

Iarratasóirí atá i mbun taighde agus a úsáideann ceann ar bith de na [tacaíochtaí táscacha a chuirtear ar fáil mar shamplaí ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta](#), ní mór dóibh fianaise i scríbhinn a chur ar fáil don Chomhairle Múinteoireachta go bhfuarthas an cead rochtana cuí ar na sonraí ón taisclann atá i gceist.

De bhreis ar an treoir thuas, moltar d'iarratasóirí an físeán ar eitice taighde [anseo](#) a bhreathnú.

(v) Torthaí agus Tionchar an Taighde

Caithfidh na hiarratasóirí ar fad:

- ☐ Na torthaí taighde a bhfuiltear ag súil leo a shonrú go soiléir. Ní mar a chéile torthaí agus cinntí taighde. Áirítear mar thorthaí iad seo a leanas (ach gan a bheith teoranta dóibh): foghlaim indibhidiúil nó chomhroinnt faoin topaic a bhfuiltear i mbun taighde air; scil nua taighde a fhorbairt; uirlisí nua nó acmhainní nua; foilseacháin; ócáidí; tionchar ar an mbeartas poiblí, etc.
- Liosta a dhéanamh de na slite ina bhfuil sé ar intinn acu a gcuid foghlama ón tionscadal a chomhroinnt le daoine eile. Ba cheart d’iarratasóirí machnamh a dhéanamh ar an tslí ar féidir cinntí taighde a chomhroinnt, lena n-áirítear foilsiú in irisleabhair, ar an [ardán T-REX](#), mar chuir i láthair ag comhdhálacha, blaganna, vlaganna, researchmeets, etc. Níor mhiste d’iarratasóirí machnamh a dhéanamh faoin tslí a ndéanfaidh siad “scéal a dtaighde féin” a ghabháil agus a chomhroinnt.
- ☐ A leagan amach go soiléir mar a bhfuil sé ar intinn acu barr feabhais a chur ar thionchar an tionscadail. Agus an tionchar á mheas, ní mór roinnt peirspictíochtaí éagsúla a chur san áireamh, an ghné aonair mar shampla, an seomra ranga, an scoil, an leibhéal náisiúnta, etc.

(vi) Costais Incháilithe

Cuidíonn an creat le hiarratasóirí a gcuid costas taighde a ghlanadh, go hiomlán nó i bpáirt. Féadfaidh an Chomhairle raon costas a chur san áireamh, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:

- ☐ Táillí comhdhála/ceardlainne
- ☐ Costais ócáide/oiliúna
- ☐ Costais taistil le réasún
- ☐ Táillí a bhaineann le cúrsaí oideachais a bhfuil baint dhíreach acu le d'iarratas
- ☐ Costais a bhaineann le hionadú
- ☐ Cíos seomra agus costais sólaistí
- ☐ Táillí cainteora
- ☐ Costais deartha agus/nó ábhair a tháirgeadh.

Ní miste liosta miondealaithe de na costais atáthar a iarraidh a chur le gach iarratas, agus meastachán a thabhairt mura bhfuil an costas beacht ar eolas.

Ní dhéanfar iad seo a leanas a mhaoiniú:

- ☐ Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích cheana féin
- ☐ Ábhair a ceannaíodh cheana féin
- Trealamh a cheannach a chosnaíonn breis is €150 agus a mbeadh saolré eacnamaíoch níos faide ná 12 mhí aige.

Beidh na hiarratasóirí rathúla freagrach as pleanáil don chaiteachas cuí agus as é a bhainistiú le linn a dtionscadail.

(vii) Iarratas a Sheoladh

Ar mhiste leat an fhoirm a íoslódáil agus a shábháil le do thoil, sula líonann tú isteach í. Beidh Adobe Reader de dhíth ort chun rochtain a fháil ar na naisc agus chun an fhoirm a sheoladh ag an deireadh, leis an gcnaipe ‘Submit’. Is fiú a nótáil nach é Adobe Reader an léitheoir PDF réamhshocraithe ar bhrabhsálaithe áirithe. Mura bhfuil Adobe Reader suiteáilte ar do ghléas, is féidir an feidhmchlár saor in aisce a íoslódáil anseo. Cinntigh le do thoil go ndéanfaidh tú an fhoirm a athléamh agus a shábháil sula seolann tú í.

Nuair a chliceálann tú ‘Seol’ (‘Submit’), ba cheart go n-iarrfaí ort a léiriú cén chaoi a bhfuil tú ag iarraidh an fhoirm a sheoladh (sa ríomhphost nó trí chlianta ríomhphoist). A luaithe a roghnaíonn tú an feidhmchlár ríomhphost, beidh an t-iarratas le feiceáil arís, an seoladh research@teachingcouncil.ie air, agus d’iarratas agus é líonta isteach arna shábháil mar cheangaltán. Beidh ort ‘Seol’ (‘Submit’) ar an ríomhphost a bhrú agus sábhálfar é i do chuid míreanna seolta. Má bhíonn deacracht ar bith agat leis an gcnaipe ‘Seol’ (‘Submit’), féadfaidh tú d’fhoirm a shábháil agus í a sheoladh mar cheangaltán chuig research@teachingcouncil.ie. Seiceáil an fhoirm le do thoil sula seolann tú í, lena chinntiú gur líonadh isteach gach réimse den fhoirm go hiomlán. Gheobhaidh tú ríomhphost in am trátha ag dearbhú go bhfuarthas d’fhoirm.

(viii) Na Critéir d’Athbhreithniú na nIarratas

Déanfar gach iarratas a fuarthas faoina 3p.m. Déardaoin, 20 Meitheamh 2019 a athbhreithniú de réir na gcritéir thíos. **Ní chuirfear san áireamh iarratais a fhaightear i ndiaidh 3p.m. Déardaoin, 20 Meitheamh.**

Céim 1 – Athbhreithniú maidir le cúrsaí cáilitheachta

Déanfar gach iarratas a fhaightear a athbhreithniú lena chinntiú go sásaíonn sé na critéir cháilitheachta atá leagtha amach thíos. Is iad na hiarratais a shásaíonn na critéir cháilitheachta, agus iad sin amháin. a rachaidh ar aghaidh go dtí Céim 2 den phróiseas moltóireachta.

Critéir Cháilitheachta

- ☐ **Múinteoir cláraithe a bheith páirteach:** Caithfidh múinteoir cláraithe a bheith páirteach i ngach iarratas. Ní chuirfear san áireamh iarratas a fhaightear ó thaighdeoir aonair nach múinteoir cláraithe é/í, ná comhiarratas / iarratas comhoibríoch a fhaightear nach bhfuil múinteoir cláraithe ina c(h)uid de.
- ☐ **An Fhoirm Iarratais a Líonadh Isteach:** Caithfidh gach ceist éigeantach a bheith comhlánaithe go hiomlán, agus caithfidh gach dearbhú a bheith sínithe* ag na hiarratasóirí ar fad.

**Nuair a chlósscríobhann iarratasóir a (h)ainm sna dearbhuithe, glactar leis go bhfuil an t-iarratas sínithe ar an iarratasóir.*

Céim 2 – Luacháil

Déanfar moltóireacht ar na hiarratais ar fad a cháilíonn, agus na critéir thíos san áireamh.

- **Tionchar Féideartha:** Cé na torthaí a bheidh ar an tionscadal? Cé mar a dhéanfar cinntí an tionscadail a chomhroinnt le gairm na múinteoireachta i gcoitinne chun an cleachtas a fheabhsú? Cé chomh tábhachtach agus chomh hábhartha atá na ceisteanna nó na saincheisteanna atáthar a chur? An gcuirfidh an tionscadal go suntasach leis an múinteoireacht/ le foghlaim múinteoirí agus mac léinn?
- ☐ **Mar a chuirfear cúrsaí eitice san áireamh:** An ndearnadh machnamh sásúil sa togra ar ghnéithe eiticiúla na ngníomhaíochtaí taighde atá á mbeartú?
- ☐ **Mar a chuirfear críochnúlacht an taighde san áireamh:** An léiríonn an togra mar a chinnteofar go bhfuil sé críochnúil?

Tabharfar tosaíocht sa scéim mharcála d’iarratais

- ☐ **a bhfuil múinteoir amháin nó níos mó páirteach iontu atá ag cleachtadh i scoil(eanna) aitheanta nó in Iona(i)d Oideachais agus/nó,**
- ☐ **ar comhiarratais iad agus/nó,**
- ☐ **a bhaineann le taighde nach taighde é a ghabhann le cláir fhoirmiúla staidéir agus/nó,**

- a bhfuil d’acmhainn iontu cur le forbairt an bheartais agus leis an gcleachtas maidir leia an gcomhoibriú nó maidir le cúrsaí folláine de. Is é an tuiscint ghinearálta ar an gcomhoibriú sa chomhthéacs sin, mar atá leagtha amach ar leathanach 2 de na treoirlínte seo. Sa sainmhíniú den fholláine, cuimsítear folláine mhúinteoirí agus daltaí/mic léinn araon, faoi mar a leagtar amach é ar leathanach 19 de [Cosán: Creatlach um Fhoghlaim Múinteoirí](#).

Céim 3 – Dáileadh an chiste atá ar fáil

I ndiaidh an phróisis luachála, bronnfar maoiniú ar gach iarratas bunaithe ar na marcanna a gnóthaíodh ag Céim 2, agus foirmle mhatamaitice á feidhmiú. Beidh dáileadh an mhaoinithe faoi réir ag íos-scóir áirithe a bheith gnóite ag Céim 2 thuas.

(ix) An Painéal Athbhreithnithe

Ar mhaithe le heispéiris agus saineolais éagsúla a chur ar fáil don phróiseas athbhreithnithe, táthar ag súil go mbeidh na daoine seo a leanas ar an bPainéal Athbhreithnithe:

- Cathaoirleach Choiste Oideachais na Comhairle Múinteoireachta
- ☐ Beirt Mhúinteoirí Cláraithe
- ☐ Ionadaí ó Institiúid Ard-Oideachais
- ☐ Comhalta ón taobh amuigh a bhfuil saineolas aige/aici ar an oideachas agus ar eolaíocht an fheidhmithe*
- Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta/Ainmní an Stiúrthóra

**Is réimse eolais é Eolaíocht an Fheidhmithe atá ag forbairt go mór, a fhéachann le cleachtais nua a fheidhmiú go rathúil, agus baint aige ach go háirithe le feidhmiú na gcleachtas agus na mbeartas a bhfuil bonn fianaise leo.*

(x) Na Riachtanais Tuairiscithe & Teimpléad don Tuairisciú

Íocfar na dámhachtainí leis na hiarratasóirí rathúla mar dhá thráthchuid. Bronntar an chéad leath den dámhachtain ag ócáid bhronnta do na hiarratasóirí rathúla ar fad, tar éis don Phainéal Athbhreithnithe an mholtóireacht a dhéanamh. Íocfar an dara tráthchuid nuair a bheidh an tionscadal curtha i gcrích agus i ndiaidh tuairisc dheiridh shásúil a bheith seolta. I gcás tionscadail a mhaireann níos faide ná bliain, beidh tuairiscí bliantúla ar an dul chun cinn le seoladh freisin.

Tuairisc ar an Dul Chun Cinn

I gcás na bhfaighteoirí sin a maireann a dtionscadal taighde níos faide ná bliain, beifear ag súil go seolfaidh siad tuairisc dul chun cinn faoin 1 Meán Fómhair gach bliain, chun an Chomhairle Mhúinteoireachta a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí dul chun cinn agus faoi aon athruithe ar mheitheal an tionscadail agus/nó faoi dhálaí ar bith a mbeadh tionchar acu ar thoradh an tionscadail. Is féidir an teimpléad don tuairisc dul chin cinn a íoslódáil [anseo](#).

An Tuairisc Dheiridh

Beifear ag súil go seolfaidh na hiarratasóirí rathúla tuairisc dheiridh laistigh de 60 lá i ndiaidh a gcuid taighde a bheith curtha i gcrích. Léireoidh an tuairisc dheiridh gur comhlíonadh coinníollacha áirithe. Is iad Painéal Athbhreithnithe an Chreata Tacaíochta Taighde a dhéanfaidh an cinneadh maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha sin nuair a thagann sé le chéile i mí Eanáir gach bliain chun na tuairiscí deiridh a athbhreithniú. I gcás formhór mór na dtionscadal, táthar ag súil go seolfar na tuairiscí deiridh taobh istigh de thréimhse trí bliana i ndiaidh don mhaoiniú a bheith bronnta. D'fhéadfaí cur leis an tréimhse sin faoi dhálaí eisceachtúla agus ar bhonn cás ar chás, faoi réir ag comhaontú na Comhairle Múinteoireachta, agus dearbh-uastréimhse sé bliana ón dáta dámhachtana. Is féidir an teimpléad don tuairisc dheiridh a íoslódáil [anseo](#).

(xi) Coinníollacha Dámhachtana

Tá roinnt coinníollacha dámhachtana ann nár mhiste d'iarratasóirí a nótáil go cúramach sula seolann siad a bhfoirm iarratais. Glactar leis go dtoilíonn na hiarratasóirí leis na coinníollacha sin ach a bhfoirm iarratais a bheith seolta acu.

- ☐ I gcás iarratasóirí aonair, caithfidh gur múinteoirí cláraithe atá sna hiarratasóirí; ach bíonn na comhiarratais oscailte dóibh siúd ar fad ar spéis leo dul i mbun gníomhaíochtaí taighde faoi gach snáithe den Chreat. Maidir leis na comhiarratais áfach, caithfidh duine amháin, ar a laghad, de na hiarratasóirí a bheith ina m(h)úinteoir cláraithe, agus beidh tosaíocht ag na hiarratais ina bhfuil an múinteoir cláraithe/na múinteoirí cláraithe ag cleachtadh.
- ☐ Níl íosteorainn leis an tacaíocht airgeadais is féidir a bhronnadh. Dearadh an Creat Tacaíochta Taighde chun tacú le gach saghas gníomhaíochta ina mbítear ag gabháil don taighde, beag beann ar chúrsaí scála. Go deimhin, fáiltítear ach go háirithe roimh iarratais ó mhúinteoirí atá ag gabháil do thionscadail taighde ar mhionscála agus iad bunaithe ar an seomra ranga.
- ☐ €5,000 an uasteorainn is féidir a bhronnadh ar thionscadal faoi théarmaí an Chreata seo. €5,000.
- ☐ Is féidir go dtairgfear maoiniú níos lú ná an méid a bhí á lorg ag iarratasóirí, agus/nó cineálacha tacaíochta nach tacaíocht airgeadais iad.
- ☐ Caithfidh na costais ábhartha a bheith ag teacht leis na costais incháilithe a shonraítear sna treoirnótaí seo.
- ☐ Caithfidh na hiarratasóirí dearbhú a thabhairt faoi cé acu ar chuir siad isteach ar, nó an bhfuair siad, aon mhaoiniú ag tacú leis na gníomhaíochtaí taighde céanna cheana.
- Faoin gCreat, beidh ar gach iarratasóir dearbhú Coimhlint Leasa a chomhlánú. Is é is Coimhlint Leasa ann, cás ina mbeadh leas ag duine a d'fhéadfadh teacht salach ar dhualgas an duine sin i leith na Comhairle Múinteoireachta. Áirítear coimhlintí leasa braite, coimhlintí leasa féideartha agus coimhlintí leasa iarbhíre – iad ar fad – mar choimhlintí leasa. Is é is coimhlint leasa bhraite ann, cás inar dócha, dar le duine réasúnta, go ngéillfí ar an oibiachtúlacht. Is é is coimhlint leasa fhéideartha ann, cás a d'fhéadfadh forbairt ina choimhlint leasa bhraite nó ina choimhlint leasa iarbhír. Má tá coimhlint leasa ag duine (bíodh sin iarbhír, braite nó féideartha), tá de dhualgas ar an duine sin í a nochtadh agus cibé bearta cuí is gá a dhéanamh chun an choimhlint sin a bhainistiú agus a mhaolú. Aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhféadfadh coimhlintí teacht chun cinn fiú agus duine ag gníomhú go hiomlán neodrach agus le hiontaofacht ghairmiúil. Ní chun iontaofacht daoine aonair a cheistiú in aon chor atá an beartas sin ann, ach is rud riachtanach é chun iad féin agus an Chomhairle Mhúinteoireachta a chosaint ionas nach dtarraingeofar droch-chlú ná dliteanais ar bith eile orthu, agus chun iontaofacht an tionscadail taighde a chosaint.
- ☐ Maidir le hiarratasóirí a deir gur múinteoirí iad atá ag cleachtadh, beidh orthu, mar chuid den phróiseas iarratais, é sin a dhearbú ar an bhfoirm iarratais agus a ról a shonrú (m.sh múinteoir seomra ranga, príomhoide, SET, etc).
- ☐ Ní thig le hiarratasóirí níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh faoin mbabhta seo den Chreat.
- ☐ Foirmeacha iarratais atá comhlánaithe go hiomlán, amháin, a chuirfear san áireamh don dámhachtain.
- ☐ Caithfidh na foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith faighte faoin spriocdháta, 3p.m.

An Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan – Treoirnótaí

Déardaoin, 20 Meitheamh 2019. Ní chuirfear san áireamh aon iarratais a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta.

- ☐ Aon dámhachtain airgeadais a dhéantar, ní mór í a úsáid don chuspóir a luaitear san fhoirm iarratais. I gcás iarratais rathúla: má tá sé i gceist aon athruithe a dhéanamh ar an tionscadal, ní miste iad a chur in iúl don Chomhairle a luaithe is féidir.
- ☐ Má bhaineann iarratas rathúil faoin gCreat Tacaíochta Taighde John Coolahan le hócáid(i) taighde a eagrú, ní ghearrfar aon táille isteach ná eile ar lucht freastail/rannpháirtithe imeacht(aí) dá leithéid.
- Maidir leis an bhfaisnéis a sheolann iarratasóirí, ní mór í a stóráil agus a phróiseáil, chun cuidiú le hathbhreithniú na n-iarratas agus in athbhreithniú obair na Comhairle féin leis an gCreat. D'fhéadfaí an fhaisnéis a roinnt leis an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha, a thacaíonn le hobair thaighde na Comhairle. Glactar leis go bhfuil cead tugtha ag na hiarratasóirí a gcuid iarratas faoin gCreat seo, agus aon chomhfhreagras gaolmhar, a chomhroinnt leis an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha.
- ☐ Más rud é, ar chúis ar bith, nach bhfuil iarratasóir rathúil in ann glacadh leis an tacaíocht airgeadais a bhronntar, ba cheart an méid sin a chur in iúl don Chomhairle láithreach.
- ☐ Sa chás go dtiocfadh saincheisteanna cánach chun cinn ag éirí as dámhachtain faoin gCreat Tacaíochta Taighde, is gnó don iarratasóir/d'iarratasóirí aonair iad seachas don Chomhairle.
- Féadfar eolas faoi na dámhachtainí a dhéantar mar chuid den Chreat Tacaíochta Taighde, ainmneacha, teidil agus ceangail na n-iarratasóirí rathúla san áireamh, agus cur síos ar an obair atáthar a mhaoiniú, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta agus in ábhar fógraíochta eile. Tuairiscí deiridh a áirítear a bheith oiriúnach le go bhfoilseodh Painéal Athbhreithnithe an Chreata Tacaíochta Taighde iad, déanfar iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.
- Ní mór d'iarratasóirí rathúla na riachtanais tuairiscithe a chomhlíonadh faoi mar atá leagtha amach sna treoirnótaí seo. Íocfar an dara tráthchuid den mhaoiniú faoi réir ag an tuairisc dheiridh, a seoladh, a bheith pléite ag an bpainéal athbhreithnithe, agus an painéal a bheith sásta gur comhlíonadh na riachtanais ar fad.
- ☐ D'fhéadfadh an Chomhairle cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí rathúla a gcuid taighde agus na torthaí a scaipeadh agus a chomhroinnt ag ócáidí agus gníomhaíochtaí don scaipeadh eolais.
- Ceanglaítear ar iarratasóirí rathúla a bheith rannpháirteach i Researchmeet agus a gcuid foghlama a chomhroinnt i Researchmeet mar chuid de [FÉILTE](#).
- ☐ Ceanglaítear ar iarratasóirí rathúla clárú le, agus dul i dteagmháil leis an [ardán T-REX](#).